An Roinn Forbartha
Tuaithe agus Pobail
Department of Rural and
Community Development

***Our Rural Future:*** **Minister Calleary launches 2025 Town and Village Renewal Scheme**

- ***Fund available to stimulate town centre economic and social regeneration and resilience***
- ***A focus on tackling vacancy and dereliction to bring additional footfall into town centres***
- ***Funding for the pre-development costs associated with projects to help communities develop applications for future funding calls***
- ***Funding of up to €500,000 per local authority for the acquisition of vacant or derelict buildings or lands for town regeneration purposes***

Minister for Rural and Community Development, Dara Calleary TD, has today (Wednesday, 19 March) launched the **2025 Town and Village Renewal Scheme** which is designed to support the revitalisation of rural Ireland and to build greater resilience in to our town centres through regeneration projects.

This year's Call For Proposals will allow one additional application for one larger scale project (up to €300,000 category) for those local authorities with an inhabited offshore island and/or Gaeltacht areas.

The Fund will support projects throughout Ireland with a focus on stimulating town centre economic and social regeneration through sustainable employment creation.

**Launching the 2025 Scheme, Minister Calleary said:**

*"I'm delighted today to launch the 2025 Town and Village Renewal Scheme which will provide funds to develop projects in every corner of the country.*

*"The Town and Village Renewal Scheme continues to have a hugely positive impact in Ireland's rural towns and villages and this investment will further strengthen this work.*

*"Rural development continues to be a key priority for the Government and we will continue to support the revitalisation and resilience of rural Ireland, transforming our towns and villages – creating better places to live, work and participate in their local community."*

Three funding streams are available under the Town and Village Renewal Scheme; the Main Scheme, the Project Development Measure and the Building or Land Acquisition Measure.

Projects will align with the objectives of the Government policies *Our Rural Future, Town Centre First* and *Our Living Islands* with a focus on:

- driving town centre regeneration;
- supporting town or village centre plaza development;
- development of green spaces or recreational amenities in town or village centres;
- the enhancement of our streetscapes;
- supporting town or village centre markets;
- upgrading or refurbishing community centres;
- bring vacant and derelict buildings back into use as multi-purpose community spaces;
- supporting vibrant and sustainable Gaeltacht communities and island communities on Ireland's inhabited offshore islands.

**The Minister continued:**

*"The Project Development Measure has been hugely successful in providing an opportunity to develop a pipeline of significant, well developed projects therefore will be funded under the TVRS again this year.*

*"In response to the continuing demand to revitalise our towns and villages, the Building or Land Acquisition Measure will provide up to €500,000 per local authority to purchase up to three vacant or derelict buildings or lands for regeneration purposes.*

*"I am strongly encouraging local authorities to work closely with communities to put forward projects that are ambitious and will make a positive difference."*

**ENDS**

**Notes to editors:**

**Town and Village Renewal Scheme (TVRS)**

The Town and Village Renewal Scheme (TVRS) provides funding for projects that make our towns and villages more attractive and sustainable.

Since the launch of the Town and Village Renewal Scheme, over €177 million has been allocated to almost 1,800 projects. The Scheme has made an important contribution to supporting vibrant and sustainable communities in towns and villages throughout Ireland.

The Scheme is administered through the local authorities, who are required to work closely with local communities and local businesses to develop and implement proposals. The Scheme typically funds rural towns and villages with a population of up to 10,000 people. Larger rural towns with a population of up to 15,000 people may be eligible where the application is particularly strong and the project will have a significant impact on the town in question.

<u>Applications</u>

The closing date for the submission of applications under the TVRS **Building and Land Acquisition Measure is May 2nd, 2025** and for the **Main Scheme and Project Development Measure is July 25th, 2025.**

Each Local Authority is invited to submit applications of varying scale under the 2025 Scheme as follows:

**Main Scheme**

| | | |
|---|---|---|
| i. | 3 applications | funding €50,000 to €300,000 per application |
| ii. | 1 application | funding €50,000 to €500,000 per application |

**Project Development Measure**

| | | |
|---|---|---|
| i. | 2 applications | funding of up to €50,000 per application |

**Building or Land Acquisition Measure**

| | | |
|---|---|---|
| i. | Up to 3 applications | total fund of up to €500,000 per local authority |

Types of activities that may be supported under the Main Scheme of the 2025 Town and Village Renewal Scheme include:

- Regeneration projects that assist in revitalising and building resilience in our rural towns and villages, in line with the *Town Centre First* Policy, through planned and sustainable regeneration.
- Development projects that will drive greater economic activity and footfall, address vacancy and dereliction and ensure the re-use of heritage and other existing buildings.
- Projects to support vibrant and sustainable Gaeltacht communities and/or island communities on Ireland's inhabited offshore islands.
- Upgrade or refurbishment to community centres (where there is a clearly identified need / rationale – an additional questionnaire applies).
- Support for the development of remote working facilities. Given the number of hubs supported to date, any application received which includes the establishment of a hub (see Appendix 2 for hub classification guide) must expressly demonstrate a clear demand/need for such a facility and that clear additionality will be delivered - any such applications will be required to provide information in relation to need/demand/additionality and engagement with relevant stakeholders.
- Projects to support the establishment or regeneration of town or village centre markets (e.g. farmers' markets, open-air markets, local trader markets, artisan markets or similar) – i.e. ground works, provision of stalls, equipment, and services provision. Markets must be built on ethical and sustainability principles to ensure longevity and must be developed with high visibility and improved public realm which will attract a high level of footfall.

- Projects to develop town / village centre plazas, public outdoor dining spaces, parks, green spaces (including allotments and community gardens) and recreational spaces/amenities (to include outdoor sports facilities such as skate parks, basketball courts, tennis courts, etc.) in town centres to make them vibrant hubs for community enjoyment, and to increase footfall for local businesses. Where a proposal includes a plaza, outdoor dining space, amphitheatre or similar, consideration should be given to appropriate public lighting which supports mobility, accessibility, safety and security to ensure the spaces can be used for evening and night time activities. Applications for funding will only be considered where the properties and/or lands are publicly or community owned or leased.

- Projects to support the upgrade and enhancement of shopfronts and street facades (including murals) in towns and villages. Local authorities are encouraged to engage with local business and property owners to examine how group projects can add colour and vibrancy to main streets.

- Projects that bring vacant and derelict buildings and sites back into use as multi-purpose spaces. This includes the renovation of vacant and derelict buildings or development of sites within the town or village as multi-purpose community assets. Multi-purpose use includes enterprise spaces, arts, tourism, youth hubs, parks, parklets, allotments, play areas and other community uses.

- Projects that support and enhance the night-time economy in line with recommendations from the Night-Time Economy Taskforce.

- Enhancement of heritage assets (e.g. local museums/tourism attractions focused on historical aspects of the area, heritage sites/buildings, etc.) located in towns and villages, including energy efficiency measures.

**Our Rural Future**

*Our Rural Future* is the whole-of-government policy for rural Ireland for the period 2021-2025. It offers a blueprint for a thriving and inclusive rural Irelands and adopts a more strategic, ambitious and holistic approach to investing in and maximising opportunities for rural areas.

**Town Centre First**

*Town Centre First* contains 33 unique actions which will give our towns the tools and resources they need to become more viable and attractive places in which to live, work, visit and run a business. Town Regeneration Officers in all relevant Local Authority areas are being funded by DRCD to drive forward Town Centre First on a local level.

Dé Céadaoin, 19 Márta

An Roinn Forbartha
Tuaithe agus Pobail
Department of Rural and
Community Development

***Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann:* Seolann an tAire Calleary Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte 2025**

- ***Ciste chun athbheochan agus acmhainneacht eacnamaíoch agus sóisialta lár bailte a spreagadh***
- ***Béim ar dhul i ngleic le foirgnimh fholmha agus thréigthe chun tuilleadh daoine a mhealladh isteach i lár bailte***
- ***Maoiniú do na costais réamhfhorbartha a bhaineann le tionscadail chun cabhrú le pobail iarratais ar ghairmeacha maoinithe amach anseo a fhorbairt***
- ***Maoiniú suas le €500,000 in aghaidh an údaráis áitiúil ar fáil chun foirgnimh nó tailte folmha nó tréigthe a fháil chun críocha athbheochana bailte***

Sheol an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail, Dara Calleary TD, **Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte 2025** inniu (Dé Céadaoin, 19 Márta) atá leagtha amach chun tacú le hathbheochan cheantair thuaithe na hÉireann agus chun acmhainneacht níos fearr a thógáil i lár ár mbailte trí thionscadail athnuachana. Ceadóidh gairmeacha ar thograí na bliana seo iarratas amháin breise ar thionscadal mórscála amháin do na húdaráis áitiúla sin atá lonnaithe amach ón gcósta agus/nó i gceantair Ghaeltachta.

Tacóidh an Ciste le tionscadail ar fud na hÉireann le fócas ar athbheochan eacnamaíoch agus sóisialta lár bailte a spreagadh trí fhostaíocht inbhuanaithe a chruthú.

**Agus Scéim na bliana 2025 á seoladh aige, dúirt an tAire Calleary:**

*"Tá an-áthas orm inniu Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte 2025 a sheoladh, a chuirfidh airgead ar fáil chun tionscadail a fhorbairt i ngach cearn den tír.*

*"Tá tionchar an-dearfach i gcónaí ag an Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte i mbailte agus sráidbhailte tuaithe na hÉireann agus neartóidh an infheistíocht seo an obair sin a thuilleadh.*

*"Tá forbairt tuaithe fós ina príomhthosaíocht ag an Rialtas agus leanfaimid orainn ag tacú le hathbheochan agus le hacmhainneacht cheantair thuaithe na hÉireann, ag athrú ár mbailte agus sráidbhailte – ag cruthú áiteanna níos fearr chun cónaí iontu, oibriú iontu agus chun páirt a ghlacadh ina bpobal áitiúil."*

Tá trí shruth maoinithe ar fáil faoin Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte; an Phríomhscéim, an Beart Forbartha Tionscadail agus an Beart Fála Foirgnimh nó Talún. Beidh tionscadail ag teacht le

cuspóirí bheartais an Rialtais *Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann, Lár Bailte ar dTús* agus *Ár nOileáin Bheo* le béim ar:

- athbheochan lár bailte a chur chun cinn;
- tacú le forbairt phláis lár bailte nó lár sráidbhailte;
- spásanna glasa nó áiseanna fóillíochta a fhorbairt i lár bailte nó sráidbhailte;
- sráid-dreacha a fheabhsú;
- tacú le margaí lár bailte nó lár sráidbhailte;
- ionaid phobail a fheabhsú nó a athchóiriú;
- foirgnimh fholmha agus thréigthe a úsáid arís mar spásanna pobail ilfheidhme;
- tacú le pobail bhríomhara inbhuanaithe Ghaeltachta agus le pobail na n-oileán ar oileáin amach ó chósta na hÉireann.

**Lean an tAire ar aghaidh:**

*"D'éirigh go han-mhaith leis an mBeart Forbartha Tionscadail i dtaobh deis a chur ar fáil chun tionscadail shuntasacha dea-fhorbartha a fhás, mar sin maoineofar é faoi TVRS arís i mbliana.*

*"Mar fhreagra ar an éileamh leanúnach chun ár mbailte agus sráidbhailte a athbheochan, cuirfidh an Beart Fála Foirgnimh nó Talún suas le €500,000 ar fáil in aghaidh an údaráis áitiúil chun suas le trí fhoirgneamh nó tailte atá folamh nó tréigthe a cheannach chun críocha athbheochana.*

*"Táim ag moladh go láidir d'údaráis áitiúla oibriú go dlúth le pobail chun tionscadail atá uaillmhianach a chur chun cinn agus a dhéanfaidh difríocht dhearfach."*

**CRÍOCH**

**Nótaí d'eagarthóirí:**

**An Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte (TVRS)**

Cuireann an Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte (TVRS) maoiniú ar fáil do thionscadail a dhéanann ár mbailte agus sráidbhailte níos tarraingtí agus níos inbhuanaithe.

Ó seoladh an Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte, tá os cionn €177 milliún cionroinnte ar bheagnach 1,800 tionscadal. Tacaíonn an Scéim go mór le pobail bhríomhara agus inbhuanaithe i mbailte agus sráidbhailte ar fud na hÉireann.

Reáchtáiltear an Scéim trí na húdaráis áitiúla, a bhfuil dualgas orthu oibriú go dlúth le pobail áitiúla agus le gnólachtaí áitiúla chun moltaí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. De ghnáth, maoiníonn an Scéim bailte agus sráidbhailte tuaithe ina bhfuil daonra suas le 10,000 duine. D'fhéadfadh bailte móra tuaithe ina bhfuil daonra suas le 15,000 duine a bheith incháilithe sa chás go bhfuil an t-iarratas an-láidir agus go mbeadh tionchar suntasach ag an tionscadal ar an mbaile atá i gceist.

Iarratais

Is é an **25 Aibreán 2025** an dáta deiridh chun iarratais a chur isteach faoin m**Beart Fála Foirgnimh agus Talún** TVRS agus is é an **18 Iúil 2025** an dáta deiridh chun iarratais a chur isteach faoin b**Príomhscéim agus faoin mBeart Forbartha Tionscadail.**

Iarrtar ar gach Údarás Áitiúil iarratais ar scála éagsúil a chur isteach faoi Scéim na bliana 2025 mar seo a leanas:

**Príomhscéim**

iii. 3 iarratas maoiniú €50,000 go €300,000 in aghaidh an iarratais

iv. aon iarratas amháin maoiniú €50,000 go €500,000 in aghaidh an iarratais

**Beart Forbartha Tionscadail**

ii. 2 iarratas maoiniú suas le €50,000 in aghaidh an iarratais

**Beart Fála Foirgnimh nó Talún**

ii. 3 Iarratas ciste iomlán suas le €500,000 in aghaidh an údaráis áitiúil

I measc na gcineálacha gníomhaíochtaí ar féidir tacú leo faoin bPríomhscéim de Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte 2025 tá:

- Tionscadail athbheochana a chuidíonn le hathbheochan agus le hacmhainneacht a fhorbairt inár mbailte agus sráidbhailte tuaithe, i gcomhréir leis an mBeartas *Lár Bailte ar dTús*, trí athbheochan phleanáilte agus inbhuanaithe.
- Tionscadail forbartha a spreagfaidh gníomhaíocht gheilleagrach agus níos mó daoine chuig an áit, a thabharfaidh aghaidh ar fhoirgnimh fholmha agus ar fhoirgnimh thréigthe agus a chinnteoidh go n-athúsáidfear foirgnimh oidhreachta agus foirgnimh eile atá ann cheana féin.
- Tionscadail chun tacú le pobail bhríomhara inbhuanaithe Ghaeltachta agus/nó le pobail oileánacha ar oileáin amach ó chósta na hÉireann.
- Uasghrádú nó athchóiriú ar ionaid phobail (áit a bhfuil riachtanas / réasúnaíocht aitheanta go soiléir – tá ceistneoir breise i gceist).
- Tacaíocht d'fhorbairt áiseanna cianoibre. I bhfianaise líon na mol ar tugadh tacaíocht dóibh go dtí seo, ní mór d'aon iarratas a fhaightear a bhfuil mol mar chuid de (féach Aguisín 2 do threoir rangúcháin moil) éileamh/riachtanas soiléir ar áis den sórt sin a léiriú go sainráite agus go gcuirfear breisíocht shoiléir ar fáil - ceanglófar ar aon iarratais den sórt sin faisnéis a sholáthar maidir le riachtanas/éileamh/breisíocht agus rannpháirtíocht leis na páirtithe leasmhara ábhartha.
- Tionscadail chun tacú le bunú nó athbheochan margaí lár bailte nó sráidbhailte (m.sh. margaí feirmeoirí, margaí faoin aer, margaí trádálaithe áitiúla, margaí ceardaithe nó a leithéid) –

m.sh. oibreacha talún, stainníní a chur ar fáil, trealamh agus soláthar seirbhísí. Ní mór margaí a thógáil ar phrionsabail eiticiúla agus inbhuanaitheachta le cinntiú go mairfidh siad i bhfad agus ní mór iad a fhorbairt le hinfheictheacht ard agus le réimse poiblí feabhsaithe a mheallfaidh líon mór custaiméirí.

- Tionscadail chun pláis lár bailte / sráidbhailte a fhorbairt, spásanna poiblí bia lasmuigh, páirceanna, spásanna glasa (lena n-áirítear cuibhrinn agus gairdíní pobail) agus spásanna/áiseanna fóillíochta (lena n-áirítear áiseanna spóirt lasmuigh amhail páirceanna scátála, cúirteanna cispheile, cúirteanna leadóige, srl.) i lár bailte chun moil bhríomhara a dhéanamh ionas go mbeidh an pobal in ann sult a bhaint astu agus chun líon na gcustaiméirí a mhéadú do ghnólachtaí áitiúla. I gcás ina gcuirtear plás, spás bia lasmuigh, amfaitéatar nó a leithéid san áireamh i dtogra, ba cheart machnamh a dhéanamh ar shoilsiú poiblí cuí a thacaíonn le soghluaisteacht, inrochtaineacht, sábháilteacht agus slándáil chun a chinntiú gur féidir na spásanna a úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí sa tráthnóna agus san oíche. Ní bhreithneofar iarratais ar mhaoiniú ach amháin sa chás go bhfuil na maoine agus/nó tailte faoi úinéireacht phoiblí nó faoi úinéireacht phobail nó ar léas.

- Tionscadail chun tacú le huasghrádú agus feabhsú aghaidheanna siopaí agus aghaidheanna sráide (múrphictiúir san áireamh) i mbailte agus i sráidbhailte. Moltar d'údaráis áitiúla dul i dteagmháil le húinéirí gnó agus le húinéirí réadmhaoine áitiúla chun plé a dhéanamh ar an gcaoi is féidir le tionscadail ghrúpa dath agus beocht a chur leis na príomhshráideanna.

- Tionscadail a bhaineann úsáid nua as foirgnimh agus láithreáin fholmha agus thréigthe mar spásanna ilfheidhme. Áirítear leis seo athchóiriú a dhéanamh ar fhoirgnimh fholmha agus thréigthe nó láithreáin laistigh den bhaile nó den sráidbhaile a fhorbairt mar acmhainní pobail ilfheidhme. Áirítear le húsáid ilfheidhme spásanna fiontraíochta, na healaíona, turasóireacht, moil óige, páirceanna, páircíní, cuibhrinn, áiteanna súgartha agus úsáidí pobail eile.

- Tionscadail a thacaíonn leis an ngeilleagar oíche agus a fheabhsaíonn é i gcomhréir le moltaí ón Tascfhórsa um Gheilleagar Oíche.

- Feabhas a chur ar áiseanna oidhreachta (m.sh. músaeim áitiúla/áiteanna a mbíonn an-tóir ag turasóirí orthu atá dírithe ar ghnéithe stairiúla den cheantar, láithreáin/foirgnimh oidhreachta, srl.) atá lonnaithe i mbailte agus i sráidbhailte, lena n-áirítear bearta éifeachtúlachta fuinnimh.

Tá na sonraí ar fad faoin scéim ar fáil anseo

**Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann**

Is é *Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann* an beartas uile-rialtais do cheantair thuaithe na hÉireann don tréimhse 2021-2025. Leis an mbeartas, cuirtear treoirphlean ar fáil i ndáil le ceantair thuaithe na hÉireann atá rathúil agus ionchuimsitheach agus glactar le cur chuige níos straitéisí, níos uaillmhéine agus níos iomlánaíche i dtaca le hinfheistíocht a dhéanamh i gceantair thuaithe agus na deiseanna atá ar fáil iontu a uasmhéadú.

**Lár Bailte ar dTús**

Tá 33 ghníomh ar leith i *Lár Bailte ar dTús* a thabharfaidh na huirlisí agus na hacmhainní dár mbailte le bheith níos inmharthana agus níos tarraingtí chun cónaí iontu, oibriú iontu, cuairt a thabhairt orthu agus gnó a reáchtáil iontu. Tá Oifigigh Athnuachana Baile i ngach ceantar Údaráis Áitiúil ábhartha á maoiniú ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail chun Lár Bailte ar dTús a chur chun cinn ar leibhéal áitiúil.